Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8658/21**

**EDUC 161**
**RECH 207**
**COMPET 343**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7963/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: An bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: an bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 17-18 Bealtaine 2021.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**

**tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: An bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI an cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist seo, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR CHUN SUNTAIS AICI:

1. sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 Nollaig 2017, iarradh ar na Ballstáit, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach dul ar aghaidh leis an obair chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú idir institiúidí ardoideachais ó cheann ceann an Aontais agus chun spreagadh a thabhairt le go dtiocfadh tuairim agus fiche ollscoil de na ‘Ollscoileanna Eorpacha’ chun cinn faoi 2024, arb é a bheadh iontu líonraí d'institiúidí ardoideachais arna gcruthú ón mbun aníos ar fud an Aontais, ina mbeadh mic léinn in ann céim a bhaint amach trí theaglaim a dhéanamh de thréimhsí staidéir i roinnt tíortha difriúla den Aontas, rud a chuirfeadh le hiomaíochas idirnáisiúnta ollscoileanna Eorpacha,

2. sna Conclúidí uaithi an 28 Meitheamh 2018, d’iarr an Chomhairle Eorpach go gcuirfí chun cinn comhar idir réimsí an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais, lena n-áirítear trí bhíthin thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha,

3. sna Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais, aithníodh an ról suaitheanta a d’fhéadfadh a bheith ag na ‘Ollscoileanna Eorpacha' maidir le Limistéar Eorpach Oideachais (LEO) ina iomláine a chruthú,

4. sa Rún ón gComhairle an 8 Samhain 2019 dar teideal *Council Resolution on further developing the EEA to support future-oriented education and training systems* [Rún ón gComhairle maidir le LEO a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí], formhuiníodh go ndéanfaí breisfhorbairt ar thionscnaimh na nOllscoileanna Eorpacha ós rud é go bhféadfadh an tionscnamh sin a bheith ina chéim bhunathraitheach chun tosaigh maidir le comhar tras-institiúideach, trí fhíseanna, samhlacha agus téamaí spreagthacha éagsúla le haghaidh idirghníomhaíochta a chur ar fáil lena dtacófaí le forbairt LEO amach anseo de réir riachtanais athraitheacha na sochaí,

5. sa chéad díospóireacht chomhpháirteach bheartais riamh eatarthu, a tionóladh an 8 Samhain 2019, chuir na hairí airgeadais agus oideachais i dtábhacht nach mór dlús a chur le hinfheistíocht éifeachtach éifeachtúil, ó thaobh cáilíochta, cainníochta, cuimsitheachta agus cothromais, san oideachas agus san oiliúint agus i scileanna agus inniúlachtaí[1],

6. sa Rún ón gComhairle an 27 Feabhra 2020 maidir le hoideachas agus oiliúint sa Seimeastar Eorpach, aithníodh gurb í an infheistíocht san oideachas agus san oiliúint an infheistíocht is cumhachtaí is féidir a dhéanamh i ndaoine agus sa todhchaí, agus aithníodh freisin na torthaí sóisialta agus eacnamaíocha a thugann sí le haghaidh daoine aonair, fostóirí agus na sochaí ina hiomláine,

7. sa Chlár Oibre Eorpach do Scileanna a ghlac an Coimisiún an 30 Meitheamh 2020, beartaítear go leagfadh na 'Ollscoileanna Eorpacha' caighdeáin síos do chlaochlú na n-institiúidí ardoideachais ar fud an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO) agus an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET), lena gcuirfí i ngníomh freisin an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an chúrsaíocht tallainne. Bainfear é sin amach, go háirithe, mar chuid de rolladh amach iomlán thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha faoi chlár Erasmus+ 2021-2027 agus Fís Eorpach, agus trí Chreat Eorpach Inniúlachtaí a fhorbairt do thaighdeoirí.

---

[1] Mar a cuireadh chun suntais sa Rún ón gComhairle dar teideal *Council Resolution on education and training in the European Semester: ensuring informed debates on reforms and investments* [Rún ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint sa Seimeastar Eorpach: díospóireachtaí eolasacha ar athchóirithe agus infheistíochtaí a áirithiú] atá ar fáil anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32020G0227(01)

8. sna Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) Nua, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá sineirgí agus idirnaisc níos láidre a bheith ann idir LET agus na gnéithe den Limistéar Eorpach Oideachais a bhaineann leis an ardoideachas, agus shainaithin sí claochluithe institiúideacha, gairmeacha taighde, oideachas eolaíochta, oiliúint, comhar idirnáisiúnta agus cúrsaíocht eolais mar réimsí ina bhféadfaí comhoibriú ar bhealach níos diongbháilte, agus thacaigh sí freisin leis an moladh go ndéanfaí forbairt bhreise ar chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha mar shampla suaitheanta d'institiúidí ardoideachais nua-aimseartha cuimsitheacha don am atá le teacht san Eoraip,

9. in *Communiqué* 2020 na Róimhe arna ghlacadh an 19 Samhain 2020 ag comhdháil Aireachta Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA), dúirt na hairí atá freagrach as an ardoideachas gur bealach tábhachtach amháin iad na comhghuaillíochtaí arna mbunadh faoi thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha chun féachaint an bhféadfaí comhar sistéamach níos doimhne agus ar scála níos mó a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú amach anseo chun na bacainní ar chomhar trasnáisiúnta níos dlúithe idir institiúidí ardoideachais a bhrath agus a shárú,

10. leis an Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach do chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), bunaíodh mar cheathrú tosaíocht straitéiseach an t-ardoideachas Eorpach a atreisiú, agus é á aithint go mbeifear á mholadh d'institiúidí ardoideachais, sna deich mbliana amach romhainn, cineálacha nua domhainchomhair a aimsiú, eadhon trí chomhghuaillíochtaí trasnáisiúnta a chruthú, lena n-áirítear trí thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a rolladh amach go hiomlán.

11. SPÁS IN ÁIRITHE: sna Conclúidí uaithi an xx Bealtaine 2021 maidir leis 'An Limistéar Eorpach Taighde: LET a dhoimhniú agus gairmeacha taighde agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a sholáthar do thaighdeoirí':

AGUS Í EOLACH AR AN MÉID SEO A LEANAS:

12. Cinntear na beartais ardoideachais ar leibhéal na mBallstát aonair, bíodh sé sin ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

13. Is institiúidí neamhspleácha iad na hinstitiúidí ardoideachais. Is croíphrionsabal dá misean agus dá ngníomhaíochtaí í an tsaoirse acadúil agus eolaíoch[2].

14. Tá saibhreas éagsúlachta ag institiúidí ardoideachais na hEorpa ó thaobh a staire, a struchtúir eagraíochtúil, a réimsí staidéir agus na réigiún ina bhfuil siad lonnaithe agus lena bhfuil siad nasctha.

15. Tá tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha fós ina luathóige agus ní mór tuilleadh meastóireachta a dhéanamh agus tuilleadh faisnéise fianaise-bhunaithe a bhailiú maidir leis an 41 scéim phíolótach arna roghnú agus maidir lena dtorthaí chun tacú le beartais a bheidh comhleanúnach réamhbhreathnaitheach.

16. Tá tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha toilteanach glacadh le comhpháirtithe ó gach cineál institiúide ardoideachais, agus comhpháirtithe acadúla agus neamhacadúla á nascadh aige le margadh an tsaothair, agus comhar éagsúil á dhéanamh go ginearálta thar raon leathan geografach ar fud na hEorpa.

17. Trí chuidiú le gné an bhairr feabhais a threisiú san ardoideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht, beidh tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha ina mhórchuidiú chun fís uaillmhianach a bhaint amach, eadhon, go mbeadh LEO agus LET nuálach, iomaíoch ar scála domhanda agus tarraingteach, agus iad i sineirgí iomlán le EHEA, agus comhionannas inscne, cuimsitheacht agus cothromas á gcur chun cinn ag an am céanna, sa chaoi go mbeifear in ann comhar trasnáisiúnta uaillmhianach gan uaim a bhunú idir institiúidí ardoideachais san Eoraip, agus a bheith ina inspioráid do chlaochlú an ardoideachais.

---

[2] Mar a cuireadh i dtreis sa Ráiteas maidir le Saoirse Acadúil atá i gceangal le *Communiqué* na Róimhe arna ghlacadh an 19 Samhain 2020 ag comhdháil Aireachta Limistéar Eorpach an Ardoideachais, agus lena chois sin, i nDearbhú Bonn an 20 Deireadh Fómhair 2020.

18. D'fhéadfadh tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha ról lárnach a imirt ó thaobh an t-oideachas, an oiliúint agus an taighde a chur in oiriúint don ré dhigiteach, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027), le LEO agus le LET, trí champais Eorpacha idir-ollscoileanna a fhorbairt. Treiseoidh an tionscnamh sin sineirgí idir an t-ardoideachas agus an taighde trí shamhlacha nuálacha den fhoghlaim dhigiteach agus den teagasc digiteach a chur chun feidhme, trí mhodhanna na hEolaíochta Oscailte, an Oideachais Oscailte agus na Sonraí Oscailte[3],

TUGANN SÍ DÁ hAIRE AN MÉID SEO A LEANAS:

19. Tar éis dhá ghlao ar thograí trí Erasmus+, arna gcomhlánú le tacaíocht ó Fís Eorpach 2020, tá 41 chomhghuaillíocht phíolótach ar bun anois faoi choimirce thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, a bhfuil breis agus 280 institiúid ardoideachais páirteach iontu, lena gcumhdaítear 5 % d'institiúidí ardoideachais na hEorpa. Agus acmhainneacht acu ionad a chur ar fáil do 20 % de mhic léinn na hEorpa, tá na comhghuaillíochtaí sin ag obair anois ar a bhfís chomhroinnte agus ar mhaithe leis an athrú institiúideach, agus é d'aidhm acu tionchar struchtúrach sistéamach inbhuanaithe a imirt ar an oideachas agus ar an oiliúint, ar thaighde agus ar nuálaíocht, agus seirbhís a dhéanamh don tsochaí.

---

[3] Is córas-athrú í an Eolaíocht Oscailte lenar féidir eolaíocht níos fearr a dhéanamh trí bhealaí oscailte comhoibríocha a úsáid a luaithe is féidir sa phróiseas taighde chun eolas agus sonraí a chruthú agus a chomhroinnt, agus freisin chun torthaí a tharchur agus a chomhroinnt https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/research_and_innovation/knowledge_publications_tools_and_data/documents/ec_rtd_factsheet-open-science_2019.pdf
Leis an Oideachas Oscailte, is minic a chuirtear oideachas ar fáil trí bhíthin teicneolaíochtaí digiteacha. Is é is aidhm dó rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú do chách trí bhacainní a bhaint agus trí fhoghlaim inrochtana fhlúirseach in-saincheaptha a chur ar fáil do chách. Cuireann sé bealaí éagsúla ar fáil maidir le heolas a theagasc, a fhoghlaim, a chruthú agus a chomhroinnt. Cuireann sé réimse bealaí rochtana ar fáil freisin ar an oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil, agus nascann sé an dá cheann acu (*Opening up Education: A Support Framework for Higher Education Institutions* [An tOideachas a Oscailt: Creat Tacaíochta d'Institiúidí Ardoideachais], 2016).
Le coincheap na sonraí oscailte, is é a thuigtear go hiondúil go dtagraítear do shonraí i bhformáid oscailte ar féidir le haon duine iad a úsáid, a athúsáid, agus a roinnt chun aon chríche ar bith. Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid.

20. Leis an chéad dá ghlao, féachadh leis an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cáilíocht agus barr feabhais, ar thaobh amháin, agus cumhdach cuimsitheach cothrom geografach ar an taobh eile, ag tacú le hoideachas nuálach, le haistriú eolais, leis an taighde agus an nuálaíocht chun spriocanna an tionscnaimh a bhaint amach, amhail comhtháthú agus iomaíochas na hEorpa agus, ag an am céanna, luachanna Eorpacha agus neartú na féiniúlacht Eorpaí á gcur chun cinn.

21. Tá cruthaithe ag institiúidí ardoideachais go bhfuil siad athléimneach maidir le tionchar phaindéim COVID-19 a bhainistiú, ach léirigh an phaindéim laigí freisin maidir le rochtain chothrom agus tacaíocht chothrom do mhic léinn, baill foirne agus taighdeoirí, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna agus na hinniúlachtaí digiteacha atá acu, chomh maith le taighdeoirí soghluaiste go luath ina ngairm. Léiríodh i suirbhé[4] gur shíl baill den chéad 17 nOllscoileanna Eorpacha gur cuidiú é, i dtaca leis an ngéarchéim a láimhseáil, a bheith páirteach i gcomhghuaillíocht agus gur dócha gur fearr a bheidh siad in ann téarnamh ach a n-acmhainní agus a láidreachtaí a thiomsú.

22. Tá margaí saothair na hEorpa ag claochlú go gasta, mar gheall ar an bhforbairt theicneolaíoch, an aistriú digiteach agus an aistriú glas, agus athstruchtúrú an gheilleagair, ach bhí tionchar ag paindéim COVID-19 orthu freisin. Ní mór deiseanna agus formáidí foghlama solúbtha a bheith ar fáil ag gach céim den saol agus sna disciplíní agus na hearnálacha ar fad. Tabharfaidh sé sin deis d'institiúidí ardoideachais curaclaim agus cláir staidéir nuálacha a fhorbairt chomh maith le forálacha solúbtha foghlama agus conairí malartacha foghlama, chun feabhas a chur ar cháilíocht, cuimsiú agus comhionannas inscne san ardoideachas agus, lena chois sin, chun cláir oibre oideachais agus taighde a fhorbairt a bheidh freagrúil don aistriú digiteach agus don aistriú glas agus do na príomhdhúshláin shocheacnamaíocha, ach a bheith tiomanta don bharr feabhais ag an am céanna.

---

4 *European Universities Initiative Survey on the impact of COVID-19 on European Universities* [Suirbhé Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha maidir le tionchar COVID-19 ar Ollscoileanna Eorpacha]. Le fáil ag: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/coronavirus-european-universities-initiative-impact-survey-results_en

23. D'fhéadfadh tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha an fhiontraíocht agus scileanna idirdhisciplíneacha a chothú agus an nuálaíocht a spreagadh trí bhíthin sreabhadh tallainne cruthaithí chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna a bhunú agus a mhéadú san Eoraip, go háirithe trí aistriú teicneolaíochta a bhunú agus a threisiú, nó trí eolas agus cumas aistrithe teicneolaíochta a chomhroinnt, agus tacú ar an gcaoi sin le forbairt coincheap nua atá ag teacht chun cinn ar dócha go dtiocfaidh nuálaíochtaí ceannródaíocha nó nuálaíochtaí margadh-chruthaitheacha astu.

24. Tá cuir chuige bunaithe ar dhúshláin á bhforbairt ag tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha don oideachas, don taighde agus don nuálaíocht chomhroinnte chun cur leis an mais chriticiúil idirdhisciplíneach; tá an acmhainneacht á comhroinnt acu, acmhainní á gcomhthiomsú, agus tarraingteacht gairmeacha acadúla agus taighde á neartú, tá siad ag tacú le hathrú institiúideach, mar shampla, trí phleananna cuimsitheacha comhionannais inscne, agus ag treisiú an chomhair leis na gníomhaithe éiceachórais máguaird; tá siad ag obair i dtreo na heolaíochta oscailte agus an oideachais oscailte, ag dul i dteagmháil le saoránaigh chun dúshláin shochaíocha a réiteach agus ag treisiú leis an mbarr feabhais san oideachas agus sa taighde ar mhaithe le hiomaíochas domhanda.

IS DIOL SÁSAIMH DI AN MÉID SEO A LEANAS:

25. Freagairt dhearfach an-chuid de chomhphobal ardoideachais na hEorpa agus go leor dá gheallsealbhóirí maidir leis an tionscnamh, rud a chuidigh leis an dul chun cinn atá déanta cheana.

26. Cur i bhfeidhm iomlán thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha mar a bheartaítear faoi chlár Erasmus+ 2021-2027 agus Fís Eorpach agus na sineirgí atá beartaithe le cláir eile, mar chuid de straitéisí nua comhpháirteacha comhtháite fadtéarmacha inbhuanaithe a fhorbairt maidir le hoideachas agus oiliúint, taighde, nuálaíocht agus seirbhís don tsochaí, agus cearnóg an eolais a neartú[5].

27. Féachann tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha le cáilíocht níos fearr agus leibhéal uaillmhianach comhair leathnaithe a bhaint amach idir institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa, agus leas a bhaint, ag an am céanna, as sineirgí, mar shampla, le Comhchéimeanna Máistir Erasmus Mundus, le Comhpháirtíochtaí Comhair agus Comhghuaillíochtaí um Nuálaíocht de chuid an Chláir Erasmus+, le Pobail Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (KICanna-EIT), leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), le Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska Curie (MSCA) d'Fhís Eorpach nó leis na comhpháirtíochtaí straitéiseacha laistigh de na cláir náisiúnta, réigiúnacha agus Eorpacha, agus le samhlacha comhair rathúla eile atá ann.

---

5 Is coincheap é seo a thuigtear mar theacht le chéile ceithre cinn de phríomhghnéithe: an t-oideachas, an taighde, an nuálaíocht, agus an tseirbhís don tsochaí - *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on achieving the European Education Area by 2025* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025]. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52020DC0625&rid=4

AITHNÍONN SÍ an méid seo a leanas:

28. Is é is aidhm do thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a chuid a dhéanamh le go mbeidh an Eoraip níos aontaithe, níos nuálaí, níos digití, níos nasctha agus níos glaise, níos oscailte don domhan mór trí athléimneacht, barr feabhais, cuimsitheacht gheografach agus shóisialta, comhionannas inscne, tarraingteacht agus iomaíochas idirnáisiúnta institiúidí ardoideachais na hEorpa a mhéadú.

29. Is é is aidhm do thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha cur le cáilíocht an chomhair thrasnáisiúnta trí straitéisí idirinstitiúideacha lena gcomhcheanglaítear foghlaim agus teagasc, taighde, nuálaíocht agus aistriú eolais chuig an ngeilleagar agus an tsochaí, agus rannchuidiú le hathrú beartais agus sochaíoch.

30. D’fhéadfadh tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a bheith ina luasaire tábhachtach chun modhanna foghlama agus teagaisc a chlaochlú agus a nuáil. Is ardáin thábhachtacha iad na hOllscoileanna Eorpacha freisin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na gnéithe taighde agus nuálaíochta sna hinstitiúidí ardoideachais sin ar gá dóibh foghlaim thaighde-bhunaithe a shaothrú, agus chun gairmeacha tarraingteacha solúbtha fadtéarmacha a fhorbairt sa taighde agus sa teagasc.

31. I gcomhréir leis an bhfís chun Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú agus a bhaint amach faoi 2025, agus *Communiqué* na Róimhe na n-airí á chur san áireamh, lánurraim á tabhairt d’inniúlachtaí na mBallstát agus ag féachaint do phrionsabail na coimhdeachta, an neamhspleáchais institiúidigh, na saoirse acadúla, i gcomhréir le himthosca náisiúnta agus réigiúnacha, agus ag comhoibriú go dlúth le húdaráis ardoideachais na mBallstát, ba cheart treoir a thabhairt do thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Fís choiteann Eorpach a chur chun cinn, lena n-áirítear luachanna bunúsacha acadúla lena bhféadfaí féiniúlacht Eorpach na bhfoghlaimeoirí, na múinteoirí, na dtaighdeoirí agus na foirne uile a threisiú, agus ar an gcaoi sin an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt dóibh chun an claochlú i dtreo Eoraip atá níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos cuimsithí a chur chun cinn, chun comhar a dhéanamh agus eolas a chruthú laistigh de chultúir éagsúla Eorpacha agus dhomhanda, i dteangacha éagsúla, thar theorainneacha, earnálacha agus disciplíní acadúla.

b) Campais Eorpacha idir-ollscoileanna a bhunú, bunaithe ar chuimsiú, ar chothromas, ar chomhionannas inscne agus ar bharr feabhais san fhoghlaim, sa teagasc, sa taighde agus sa nuálaíocht, lena gcumhdaítear raon feidhme geografach leathan ar fud na hEorpa.

c) A chuid a dhéanamh maidir le straitéisí comhtháite fadtéarmacha a fhorbairt don oideachas agus don oiliúint, don taighde agus don nuálaíocht, agus maidir le seirbhís don tsochaí, chun cáilíocht, tarraingteacht, iomaíochas agus ábharthacht institiúidí ardoideachais na hEorpa a mhéadú agus chun cearnóg an eolais a neartú. Comhthiomsaíonn institiúidí ardoideachais acmhainní, idir ar líne agus fisiciúla, cúrsaí, saineolas, foireann, sonraí agus bonneagar le chéile chun a láidreachtaí a ghiaráil agus chun athléimneacht níos fearr a bhaint amach.

d) Féachaint an bhféadfaí bealaí nua tarraingteacha a fhiosrú chun múinteoirí, baill foirne agus taighdeoirí a earcú, a chúiteamh, a mheasúnú agus a ghairmiúlú, chun aitheantas agus cothromaíocht níos fearr a bhaint amach sa ghnóthachtáil i réimsí an oideachais, an taighde, na bainistíochta agus na fiontraíochta, agus ar an gcaoi sin dea-chleachtais a chothú maidir le hearcaíocht agus forbairt ghairme, agus an chothromaíocht oibre is saoil á hurramú, agus meas agus luacháil athnuaite feidhmíochta á bhforbairt.

e) Comhghuaillíochtaí níos láidre fós a bhunú trí fhéachaint an bhféadfaí mic agus iníonacha léinn a chlárú go comhpháirteach agus lucht léinn agus taighdeoirí a earcú go comhpháirteach, laistigh de na córais náisiúnta éagsúla, chun a ngairmeacha oideachais agus taighde a dhéanamh níos tarraingtí, níos inbhuanaithe agus níos solúbtha laistigh de na comhghuaillíochtaí.

f) Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus ar riachtanais scileanna san Eoraip trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht agus trí fhoirne Eorpacha forbartha eolais a fhorbairt, iad trasdisciplíneach trasnáisiúnta, idir mhic léinn, iníonacha léinn agus lucht acadúil iontu, ag obair in éineacht le taighdeoirí, agus le pobal an ghnó, na nuálaíochta agus le pobail níos leithne. I gcomhar leis na héiceachórais nuálaíochta máguaird, ullmhaíonn na hinstitiúidí ardoideachais mic agus iníonacha léinn, céimithe agus taighdeoirí luathghairme chun a n-infhostaitheacht a uasmhéadú agus chun na deiseanna a chuirtear ar fáil a thapú agus a bheith ina ngníomhaithe don aistriú glas agus don aistriú digiteach araon, agus déanann siad cláir oiliúna dochtúireachta agus iardhochtúireachta a leathnú agus a neartú sa chaoi go mbíonn níos mó ná oiliúint acadúil i gceist agus go n-áirithítear scileanna idirdhisciplíneacha atá luachmhar d'earnálacha eile, i gcás inarb iomchuí.

g) Dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an t-oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe a phríomhshruthú ar gach leibhéal agus i ngach disciplín, ar bhonn Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus cur chuige STEAM[6] á chur chun cinn agus réimsí STEM agus gairmeacha acadúla agus taighde á ndéanamh níos tarraingtí, lena n-áirítear do mhná.

---

6 STEAM: An Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic.
Leis an gcur chuige STEAM don fhoghlaim agus don teagasc, nasctar STEM le réimsí eile staidéir. Cuirtear scileanna idirdhisciplíneacha chun cinn, amhail inniúlachtaí digiteacha, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, scileanna bainistíochta agus fiontraíochta chomh maith le comhar le comhpháirtithe neamhacadúla agus freagraítear do dhúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, pholaitiúla agus shóisialta. Spreagann STEAM an t-eolas atá riachtanach san fhíorshaol a mheascadh leis an bhfiosracht nádúrtha. An sainmhíniú ó *Peer Learning Activity on STEAM education* [Gníomhaíocht Piarfhoghlama maidir le hoideachas STEAM], Vín, Márta 2020 (https://ec.europa.eu/education/sites/default/files/document-library-docs/et-2020-newsletter-may-2020.pdf).
(Féach freisin EC SWD leathanach 20 in COM(2020) 625).

h) Foirmeacha soghluaisteachta measctha, i.e. an tsoghluaisteacht fhisiciúil – ar cheart di leanúint de bheith ina príomhfhormáid, an tsoghluaisteacht chumasctha[7] agus/nó an tsoghluaisteacht fhíorúil[8] a leabú sna curaclaim, chun soghluaisteacht a mhéadú do mhic agus iníonacha léinn agus do chéimithe ar gach leibhéal agus chun an t-idirnáisiúnú sa bhaile a chur i gcrích i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta san Eoraip agus sna Ballstáit[9].

i) Foghlaim ar feadh an tsaoil a chur i gcrích go hiarbhír san ardoideachas, trí dheiseanna oideachais éagsúla a chur ar fáil agus trí oideolaíochtaí nuálacha agus mac/iníon léinn-lárnacha a thabhairt isteach, arna seachadadh go comhpháirteach ar champais idir-ollscoileanna na hEorpa, inar féidir le pobal éagsúil mac agus iníonacha léinn conairí foghlama solúbtha a fhorbairt ar gach leibhéal dá gcuid staidéir agus dá ngairmréim. Gan imeacht ón gcroíphrionsabal gur clár de chéimeanna iomlána atá i gceist agus gan baint de bhonn an chroíphrionsabail sin, d'fhéadfadh micreachreidiúnachtaí[10] cabhrú le deiseanna foghlama a leathnú chun freastal ar fhoghlaimeoirí neamhthraidisiúnta agus ar an éileamh ar scileanna nua i margadh an tsaothair; an fhoghlaim a dhéanamh níos solúbtha agus níos modúlaí; tacú leis an rochtain ar an ardoideachas; agus plé ar bhealach fóinteach le foghlaimeoirí, gan beann ar na cáilíochtaí atá acu cheana ná ar a gcúlra, agus deiseanna athscilithe agus uas-scilithe á gcur chun cinn, ag an am céanna, agus oideachas ardchaighdeáin á áirithiú.

j) Taithí phraiticiúil agus/nó taithí obairbhunaithe a chur chun cinn, le tacaíocht ó mheantóirí seachtracha chun meon fiontraíoch a chothú agus an rannpháirtíocht shibhialta a fhorbairt.

k) A dhícheall a dhéanamh le soghluaisteacht chothrom a bhaint amach do mhic agus d'iníonacha léinn, don fhoireann agus do chúrsaíocht daoine oilte, laistigh de na comhghuaillíochtaí.

---

7 Meascán den tsoghluaisteacht fhisiciúil agus comhchuid fhíorúil, lena n-éascaítear malartú comhoibríoch foghlama ar líne nó an obair foirne chomhoibríoch. An Coimisiún Eorpach. An Treoirleabhar do Chlár Erasmus+ (leagan 1 an 25/03/2021), ar fáil ag: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/programme-guide_ga

8 Is éard atá sa tSoghluaisteacht Fhíorúil tacar gníomhaíochtaí arna thacú le Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide, lena n-áirítear r-fhoghlaim, lena mbaintear amach nó lena n-éascaítear taithí idirnáisiúnta chomhoibríoch i gcomhthéacs teagaisc, oiliúna nó foghlama. An Coimisiún Eorpach. An Treoirleabhar do Chlár Erasmus+ (leagan 1 an 25/03/2021), ar fáil ag: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/programme-guide_en

9 Eadhon na Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta.

10 Is cruthúnas ar na torthaí foghlama a fuair foghlaimeoir tar éis taithí ghearr foghlama é micrichreidiúnacht. (Sainmhíniú sealadach ó thuarascáil chríochnaitheach an ghrúpa comhairliúcháin *ad-hoc* le saineolaithe maidir leis an ardoideachas: *A European approach to micro-credentials - output of the micro-credentials higher education consultation group* [Cur chuige Eorpach i leith micrichreidiúnachtaí - toradh an ghrúpa comhairliúcháin maidir le micrichreidiúnachtaí san ardoideachas]https://ec.europa.eu/education/sites/default/files/document-library-docs/european-approach-micro-credentials-higher-education-consultation-group-output-final-report.pdf).

l) Timpeallachtaí nua foghlama níos cuimsithí agus níos nuálaí a chruthú a dhéanann teagmháil leis na foghlaimeoirí uile, lena n-áirítear foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus foghlaimeoirí neamhthraidisiúnta*,* agus cuidiú le gné cháilíochta agus shóisialta chórais ardoideachais na hEorpa a neartú.

m) Cuidiú le gnéithe taighde agus nuálaíochta institiúidí ardoideachais san Eoraip a neartú trí chlár oibre coiteann, bonneagair chomhroinnte agus acmhainní comhroinnte a fhorbairt, trí mhais chriticiúil a chothú, trí chaipiteal daonna a neartú agus trí ghníomhaithe neamhacadúla a bheith rannpháirteach sa teagasc agus sa taighde, agus trí nascadh le héiceachórais na nuálaíochta máguaird, leis na saoránaigh agus leis an tsochaí.

n) Na 'Ollscoileanna Eorpacha' a chothú mar dheiseanna tástála don mhúinteoireacht nuálach agus don taighde, lena n-áirítear córais measúnaithe agus luaíochta do ghairmréimeanna acadúla ina gcuirtear san áireamh, *inter alia*, cleachtais na heolaíochta oscailte, cáilíocht an teagaisc, aistriú eolais agus for-rochtain; córais níos fearr do chonair na tionachta agus bainistiú agus éagsúlú gairme níos láidre; agus prionsabail agus cleachtais na heolaíochta oscailte a ghlacadh, lena n-áirítear an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte agus bonneagair foilsitheoireachta na rochtana oscailte, an chomhroinnt eolais agus sonraí, chomh maith le comhoibriú oscailte.

o) Formhuiniú 'An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí' agus an 'Cód Iompair um Earcú Taighdeoirí'[11] a chur chun cinn maille lena sásraí cur chun feidhme, lena n-áirítear an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R) agus EURAXESS, [IONADCHOINNEÁLAÍ agus Ardán Tallainne LET amach anseo faoi seach] arb é is aidhm dóibh cleachtais Eorpacha um fhorbairt gairme taighde a chothú, arna gcur i bhfeidhm ar chonairí gairme iomadúla.

11 2005/251/CE.

p) Úsáid iomlán acmhainneacht shármhaith taighde agus nuálaíochta an Aontais a spreagadh in earnálacha an ardoideachais agus an taighde, ag tacú le taighdeoirí iomaíocha Eorpacha a bhfuil ardscileanna acu, le barr feabhais méadaithe sa taighde agus le haistriú treisithe eolais agus acmhainneacht treisithe nuálaíochta san Eoraip, trí naisc níos dlúithe le Fís Eorpach, agus inoibritheacht gairme trasna teorainneacha, disciplíní agus earnálacha.

q) Cabhrú chun na constaicí atá ann maidir le leas iomlán a bhaint as acmhainneacht thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a shainaithint agus, a mhéid is féidir, réitigh a mholadh, a d'fhéadfadh dul chun tairbhe an chórais ardoideachais ina iomláine, agus a bheidh le cur i bhfeidhm ar an leibhéal cinnteoireachta atá freagrach de réir an dlí.

r) Gníomhú mar eiseamláirí do chlaochlú ardoideachais na hEorpa, chun leanúint de phríomhghealltanais Bologna a chur chun feidhme, lena n-áirítear aitheantas uathoibríoch cáilíochtaí agus tréimhsí soghluaisteachta thar lear, agus é mar dhroichead idir LEO agus LET, i sineirge iomlán le EHEA.

s) Cuidiú le barr feabhais sa taighde agus cáilíocht san oideachas a mhéadú, lena n-áirítear sa chomhthéacs idirnáisiúnta, agus cuidiú ar an gcaoi sin le hiomaíochas earnáil an ardoideachais Eorpaigh sa rás domhanda chun daoine tréitheacha a mhealladh, lena n-áirítear trí institiúidí ardoideachais a idirnáisiúnú, trí chomhar chun dúshláin dhomhanda a réiteach, agus luachanna bunúsacha acadúla a chur chun cinn, chomh maith le luachanna coiteanna Eorpacha, comhar chun dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach, córais measúnaithe taighde agus gairmréimeanna a athchóiriú agus torthaí taighde agus sócmhainní intleachtúla a chosaint i gcomhréir leis na prionsabail maidir le rochtain oscailte agus sonraí oscailte ar leibhéal an Aontais.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN NEAMHSPLEÁCHAIS INSTITIÚIDIGH, NA SAOIRSE ACADÚLA AGUS I gCOMHRÉIR LEIS NA hIMTHOSCA NÁISIÚNTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

32. Leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na sásraí cistiúcháin réigiúnacha, náisiúnta agus de chuid an Aontais ar fad atá ar fáil, lena n-áirítear na deiseanna nua faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, Fís Eorpach agus InvestEU, chun na naisc a neartú idir oideachas agus oiliúint, taighde agus nuálaíocht, chun tacú le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha.

33. A ndícheall a dhéanamh sásraí cómhaoinithe a aimsiú – i gcás inar féidir sin - d'institiúidí ardoideachais atá páirteach i dtionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, bunaithe ar a gcistiú bunúsach agus a gcistiú feidhmíochtbhunaithe nó ar a gcláir shonracha chistiúcháin, nó ar chistí straitéiseacha**.**

34. Tacú le fothú acmhainneachta do réigiúin ina bhfuil déine níos ísle sa taighde agus sa nuálaíocht, rud a chuideoidh ar deireadh leis an mbearna sa taighde agus sa nuálaíocht a laghdú chomh maith le héagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le rochtain ar an ardoideachas, barr feabhais a neartú agus rannpháirtíocht níos cothroime na n-institiúidí ardoideachais i gcomhghuaillíochtaí amach anseo a chothú.

35. Oibriú le chéile ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach, agus idir rialtais agus institiúidí, chun na bacainní ar chórais ardoideachais a bheadh níos comhoiriúnaí agus ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha níos dlúithe d'institiúidí ardoideachais a shainaithint agus a bhaint, i gcás inar gá, ag tógáil ar an obair fhorleathan a forbraíodh cheana trí LEE, EHEA agus LET.

36. Leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta amhail an Tionscnamh Cárta mic léinn Eorpach, aitheantas frithpháirteach uathoibríoch[12] cáilíochtaí agus tréimhsí soghluaisteachta laistigh de chláir staidéir agus oiliúna, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha, chun deireadh a chur le bacainní ar shoghluaisteacht agus ar fhorbairt gairme.

37. Constaicí ar chur chuige Eorpach maidir le Dearbhú Cáilíochta na gComhchlár a shainaithint agus a bhaint, i gcás inar gá, trí naisc agus nósanna imeachta institiúideacha a neartú idir meastóireacht, creidiúnú, agus gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta atá cláraithe ar EQAR, chun módúlachtaí maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a aimsiú, chomh maith le cur chun feidhme nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a éascú agus meastóireacht chomhpháirteach agus creidiúnú clár staidéir a spreagadh.

38. Saoirse acadúil agus neamhspleáchas institiúideach a chosaint agus a chur chun cinn mar phrionsabal lárnach de chóras ardoideachais dinimiciúil ardcháilíochta dea-fheidhmiúil, i gcomhréir leis na gealltanais a thug na hAirí atá freagrach as Ardoideachas EHEA agus na hAirí Taighde[13].

---

[12] I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 *on promoting automatic mutual recognition of higher education and upper secondary education and training qualifications and the outcomes of learning periods abroad* [maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear], IO C 444, 10.12.2018, lch. 1, agus i gcomhréir le prionsabail an Coinbhinsiúin maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint.

[13] Ráiteas maidir le Saoirse Acadúil atá i gceangal le *Communiqué* na Róimhe arna ghlacadh an 19 Samhain 2020 ag comhdháil Aireachta EHEA, agus lena chois sin, i nDearbhú Bonn an 20 Deireadh Fómhair 2020.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

39. Leanúint de chothú a dhéanamh ar bhunú samhlacha comhghuaillíochtaí den scoth atá solúbtha, éagsúil, cothrom ó thaobh na geografaíochta de agus inbhuanaithe go ginearálta, atá nasctha le héiceachórais áitiúla agus réigiúnacha, agus oideachas, taighde, nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh, agus dea-chleachtais a fhorbairt le haghaidh comhair a d'fhéadfadh a bheith ina eiseamláir spreagúil d'institiúidí ardoideachais eile, lena ndírítear ar shoghluaisteacht chothrom gan uaim mac léinn, soghluaisteacht múinteoirí, foirne agus cúrsaíocht daoine oilte, chomh maith le hearcaíocht oscailte agus dálaí oibre agus gairme níos tarraingtí do thaighdeoirí agus don fhoireann.

40. A áirithiú go gcuirfear leis an méadú, *inter alia*, trí na 'Ollscoileanna Eorpacha' a chumasú chun a ndea-chleachtais agus a dtaithí a roinnt le gach institiúid ardoideachais ar fud na hEorpa, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain iomlán ar na hathchóirithe, na haschuir agus na nuálaíochtaí arna spreagadh ag na 'Ollscoileanna Eorpacha' dóibh siúd nach bhfuil rannpháirteach sna comhghuaillíochtaí sin, agus ag an am céanna ag glacadh leis an taithí a fuarthas ó thionscnaimh chomhoibritheacha idirnáisiúnta eile.

41. Iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh ar na céimeanna is gá chun úsáid micridhintiúr san ardoideachas a thástáil chun cabhrú le deiseanna foghlama a leathnú agus chun ról na n-institiúidí ardoideachais san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a neartú.

42. Tacú leis na 'Ollscoileanna Eorpacha', agus a neamhspleáchas institiúideach á urramú ag an am céanna, chun an acmhainneacht agus na timpeallachtaí iomchuí a chruthú chun bonneagair nua-aimseartha inbhuanaithe agus conairí gairme beatha inbhuanaithe a chothú chomh maith le dálaí tarraingteacha oibre agus cúrsaíocht daoine oilte a chur chun cinn i measc na gcomhpháirtithe uile.

43. Sineirgí níos láidre a chruthú idir gné an ardoideachais maidir le LEE, LET agus EHEA. Is féidir leis na 'Ollscoileanna Eorpacha' a bheith lárnach chun naisc thábhachtacha a fhorbairt lena dtaighde agus lena gcuir chuige foghlama agus teagaisc atá dírithe ar na dúshláin.

44. Machnamh a dhéanamh ar ionstraimí cistiúcháin níos inbhuanaithe do na 'Ollscoileanna Eorpacha', lena n-áirítear trí leas a bhaint as sineirgí idir scéimeanna réigiúnacha agus náisiúnta agus scéimeanna Eorpacha, ionas go mbeidh siad in ann a straitéis uaillmhianach a bhaint amach, a éilíonn athruithe struchtúracha agus institiúideacha. Chun spriocanna uaillmhianacha an tionscnaimh a bhaint amach, beidh gá le cistiú in aghaidh na comhghuaillíochta, a bheidh oiriúnach don fheidhm, lena n-áirítear do na comhghuaillíochtaí atá roghnaithe cheana, agus éagsúlacht na samhlacha comhair agus éagsúlacht sna córais náisiúnta agus réigiúnacha cistiúcháin á gcur san áireamh.

45. Forbairt agus úsáid foghlama, teagaisc, eolaíochta oscailte agus cleachtas oideachais oscailte atá nuálach, éifeachtach agus cuimsitheach a chothú, chomh maith le nósanna imeachta simplithe riaracháin a chothú trí thacú leis na 'Ollscoileanna Eorpacha' maidir le straitéisí do bhonneagair dhigiteacha agus uirlisí TF a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

46. Tacú le 'Ollscoileanna Eorpacha' an sprioc uaillmhianach de 50 % de mhic léinn shoghluaiste a bhaint amach[14]**,** ag díriú ar scéimeanna soghluaisteachta cothroma fisiciúla, fíorúla nó cumaisc agus ar chúrsaíocht daoine oilte, ag aithint gur tosaíocht í an tsoghluaisteacht fhisiciúil agus nach féidir cineálacha eile soghluaisteachta a chur ina hionad, a bhfuil róil chomhlántacha acu.

47. A áirithiú go bhfuil an tionscnamh bunaithe ar an gcuimsiú agus ar an mbarrfheabhas, go bhfuil sé oscailte do gach cineál institiúide ardoideachais agus do gach mac léinn, gach múinteoir, gach ball foirne agus gach taighdeoir a chuireann úsáid bonneagar, trealaimh agus saoráidí coiteanna agus comhroinnte chun cinn.

---

**14** An Coimisiún Eorpach. (2020). Treoir an Chláir Erasmus+. Leagan 3 (2020): 25/8/2020, lch. 132, ar fáil ag: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/sites/default/files/erasmus_programme_guide_2020_v3_en.pdf

48. Faireachán rialta agus comhpháirteach[15] a dhéanamh ar staid na himeartha maidir leis na 41 chomhghuaillíocht de thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, chomh maith le cinn bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann, i ndlúthchomhar le 'Ollscoileanna Eorpacha' agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, chun na torthaí a bhaintear amach agus an tionchar a bhíonn acu ar na gnéithe oideachais agus taighde agus ar an tsochaí a dhoiciméadú, agus chun bacainní, easnaimh, dúshláin agus réitigh fhéideartha a shainaithint, chun oibriú agus cur chun feidhme rianúil a ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta a áirithiú.

49. Malartuithe leanúnacha a eagrú idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, 'Ollscoileanna Eorpacha' agus an sainghrúpa *ad hoc* atá comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, agus geallsealbhóirí ábhartha eile, chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, na bacainní atá ann cheana ar chomhar a phlé agus dul i ngleic leo, réitigh a fhorbairt agus iad a chur i bhfeidhm.

50. Tathant ar institiúidí ardoideachais glacadh le claochlú leanúnach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as a gcuid misean lena gcumhdaítear oideachas, taighde, nuálaíocht agus seirbhís don tsochaí in EEA agus LET i sineirge iomlán le EHEA.

51. Tacú le comhar inbhuanaithe idir institiúidí ardoideachais ar an leibhéal Eorpach lena mbainfear amach cuspóirí EEA, LET agus EHEA agus lena neartófar iomaíochas 'Ollscoileanna Eorpacha' sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus sa rás domhanda chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, chomh maith le cur ar a gcumas nascadh le héiceachórais áitiúla agus réigiúnacha.

52. Tacú le'Ollscoileanna Eorpacha' agus tathant orthu cur le rannpháirteachas na mac léinn agus na mball foirne sna comhghuaillíochtaí atá riachtanach do rath, d'fhorbairt agus do chur chun feidhme an tionscnaimh, eadhon iad a chur san áireamh sna struchtúir rialachais faoi seach.

---

15 Na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach (DG EAC agus DG RTD).

53. I gcomhthéacs EEA agus lánurraim á tabhairt do na córais ardoideachais náisiúnta agus réigiúnacha, tograí soiléire a fhorbairt, ag tosú ó 2022, i gcomhar leis na húdaráis ábhartha ardoideachais náisiúnta agus réigiúnacha, le hinstitiúidí ardoideachais agus le geallsealbhóirí, chun cuidiú le deireadh a chur, nuair is gá, leis na constaicí ar chomhar ar an leibhéal Eorpach, trí fhéachaint, mar shampla, ar an ngá atá le céimeanna Eorpacha comhpháirteacha laistigh de na comhghuaillíochtaí 'Ollscoileanna Eorpacha', agus a indéanta atá sé sin a dhéanamh, agus trí chomhar Eorpach breise maidir le dearbhú cáilíochta agus aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san ardoideachas a chur chun cinn.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LENA INNIÚLACHTAÍ AGUS LÁNAIRD Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

54. Eolas a thabhairt faoi dheireadh 2021 maidir le príomhthorthaí an athbhreithnithe meántéarma ar na chéad chomhghuaillíochtaí, d'fhonn forbairt bhreise a dhéanamh ar na 'Ollscoileanna Eorpacha' agus lán a n-acmhainneachta uaillmhianaí.

55. Tacú le forbairt a dhéanamh ar 'Ollscoileanna Eorpacha' mar 'ionaid tástála' don idir-inoibritheacht agus do chur chun cinn an chomhair idir na Ballstáit maidir le cleachtais Eorpacha taighde, teagaisc agus forbartha gairme ball foirne, lena n-áirítear a indéanta atá sé cur chuige céimnitheach a ghlacadh i leith scéimeanna comhpháirteacha earcaíochta lena n-oibrítear i dtreo cúrsaíocht éifeachtach daoine oilte agus saorshreabhadh eolais ar fud na hEorpa, ag féachaint le mealltacht gairmeacha Eorpacha acadúla agus taighde a mhéadú, agus prionsabal na coimhdeachta agus neamhspleáchas na n-institiúidí ardoideachais á gcur san áireamh, chomh maith le héagsúlachtaí i gcórais náisiúnta agus réigiúnacha mhargadh an tsaothair a urramú.

56. Treoirlínte a ullmhú maidir leis an gcaoi a bhféadfadh cláir, cistí agus ionstraimí airgeadais an Aontais, i gcomhréir lena gcuspóirí, an tacaíocht do na 'Ollscoileanna Eorpacha' agus do chineálacha eile comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais a chomhlánú, ar bhealach simplithe cuíchóirithe, le buiséad fónta agus go ceann tréimhse shainithe níos faide agus, san am céanna, sineirgí gaolmhara a chothú.

57. Cuir chuige rathúla ón mbun aníos atá cuimsitheach, barrfheabhas-bhunaithe agus cothrom ó thaobh geografaíochta de i gclár Erasmus+ 2021-2027 a choinneáil, le tacaíocht ón gclár Fís Eorpach, lena dtugtar an deis do gach cineál institiúide ardoideachais, lena n-áirítear tionscnaimh comhair trasteorann agus tionscnaimh chomhoibritheacha idirnáisiúnta eile, ‘Ollscoileanna Eorpacha’ uaillmhianacha a fhorbairt, samhlacha éagsúla comhair a thástáil agus a bheith oscailte ó thaobh téama de.

58. Tathant ar ‘Ollscoileanna Eorpacha’ an úsáid is fearr a bhaint as beartais agus tionscnaimh a thacaíonn leo chun bheith níos nuálaí agus níos fiontraíche, amhail, mar shampla, HEInnovate agus InvestEU, agus comhar le Fís Eorpach a chur chun cinn, chun sineirgí a chur ar fáil agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint.

59. Tacú le scéimeanna malartaithe gníomhacha idir an saol acadúil agus an tionsclaíocht, toisc go dtabharfadh an teagmháil dhíreach eatarthu breisluach agus go bhfreagródh sé níos fearr ar riachtanais mhargadh an tsaothair.

60. Machnamh a dhéanamh ar na hardáin ar líne atá ann cheana a úsáid chun tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a chur chun cinn agus chun tacú leis agus chun malartú dea-chleachtas agus taithí a cheadú.

61. Leanúint den dlúthchomhar leis na Ballstáit agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta maidir le dul chun cinn an tionscnaimh sa phróiseas comhchruthaithe agus i ndáil le forbairt bhreise a dhéanamh ar na ‘Ollscoileanna Eorpacha’, eadhon trí choistí na gclár Erasmus+ agus Fís Eorpach lena n-áirítear an chumraíocht chun rannpháirtíocht a leathnú agus LET a neartú agus, chomh maith leis sin, tríd an sainghrúpa *ad hoc* agus Fóram LET um an Aistriú.

CÚLRA POLAITIÚIL

1. Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas (20 Samhain 2017)

2. Conclúidí ón gComhairle Eorpach (14 Nollaig 2017)

3. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (17 Eanáir 2018)

4. Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais (22 Bealtaine 2018)

5. Conclúidí ón gComhairle Eorpach (28 Meitheamh 2018)

6. Moladh ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí oideachais agus oiliúna institiúidí ardoideachais agus oideachais meánscoile uachtaraí agus do thorthaí a tháinig ó thréimhsí foghlama a caitheadh thar lear (26 Samhain 2018)

7. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le Plean Comhordaithe um Intleacht Shaorga (7 Nollaig 2018)

8. Conclúidí ón gComhairle ‘I dtreo Aontas Inmharthana Níos Inbhuanaithe, faoi 2030’ (9 Aibreán 2019)

9. Conclúidí ón gComhairle maidir le hEoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach dar teideal: 'Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach' (7 Meitheamh 2019)

10. An Chomhairle Eorpach: Clár Oibre Straitéiseach Nua 2019-2024 (20 Meitheamh 2019)

11. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról lárnach atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil chun sochaithe a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas lena dtacófar leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe (8 Samhain 2019)

12. Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí (8 Samhain 2019)

13. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip] (11 Nollaig 2019)

14. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *A Strong Social Europe for Just Transitions* [Eoraip shóisialta láidir d'Aistrithe Córa] (14 Eanáir 2020)

15. *Council Resolution on education and training in the European Semester: ensuring informed debates on reforms and investments* [Rún ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint sa Seimeastar Eorpach: díospóireachtaí eolasacha ar athchóirithe agus infheistíochtaí a áirithiú] (27 Feabhra 2020)

16. Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint (16 Meitheamh 2020)

17. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience* [An Clár Oibre Eorpach Scileanna don Iomaíochas Inbhuanaithe, don Chothroime Shóisialta agus don Athléimneacht] (1 Iúil 2020)

18. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age* [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Athshocrú a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint don ré dhigiteach] (30 Meán Fómhair 2020)

19. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Achieving the European Education Area by 2025* [An Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025] (30 Meán Fómhair 2020)

20. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *A new ERA for Research and Innovation* [Limistéar Eorpach Taighde Nua don Taighde agus don Nuálaíocht] (1 Deireadh Fómhair 2020)

21. *Communiqué* na Róimhe a glacadh ag Comhdháil Aireachta an Limistéir Eorpaigh Taighde (19 Samhain 2020)

22. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa (24 Samhain 2020)

23. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Action Plan on Integration and Inclusion 2021-2027* [Plean Gníomhaíochta um Lánpháirtiú agus um Chuimsiú] (24 Samhain 2020)

24. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéir Eorpach Taighde Nua (1 Nollaig 2020)

25. Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (18 Feabhra 2021)

26. [IONADCHOINNEÁLAÍ: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a Dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a sholáthar do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú (xx Bealtaine 2021).]